AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Fógra faoi shuirbhé ar líne faoi chomhlíontacht

An Phríomhoide

8 Mean Fhomhair 2017

A Phríomhoide, a chara,

Cuirtear réamhfhógra chugat i mí an Meithimh faoi suirbhé ata á dhéanamh ag an Roinn ar gach iar-bhunscoil chun eolas a bhailiú ar conas mar atá na riachtanais don Treoir mar atá in imlitreacha 01/2016, 02/2016 agus 03/2016 á chomhlíonadh ag scoileanna. Tugann an litir seo meabhrúchán duit gurb é **26 Deireadh Fómhair, 2017** an spriocdhata don suirbhé seo a chomhlanú.

Cuspóir an tsuirbhé

I gCáinaisnéis na bliana 2012 bhí ar scoileanna soláthar a dhéanamh do threoir ón bpríomh-leithdháileadh foirne. Le deanaí, bhí coigeartú ar chuid de na hacmhainní a gearradh i gCáinaisnéis na bliana 2012, ag tosú le leithdháileadh breise leagtha amach in Imlitreacha 01/2016, 02/2016 agus 03/2016. Bhí sé i gceist leis seo go mbeadh ar chumas gach scoil socruithe a dhéanamh faoin tslí is fearr leis an acmhainn bhreise a leithdháileadh, mar chomhlánú ar na hacmhainní a bhí ag an scoil cheana, chun freastal sa tslí is fearr ar riachtanais treorach na scoile de réir phlean treorach na scoile. Cé go bhfuil fianaise ann go raibh roinnt scoileanna a choinnigh céatadán ard de sholáthar treorach le blianta beaga anuas, is é cuspóir an tsuirbhé seo ná eolas cruinn a chur le chéile ar úsáid an leithdháilte iomlán don Treoir in iar-bhunscoileanna agus eola a bhailiú, ach go háirithe, conas mar a rinneadh an acmhainn bhreise a úsáid i 2016.

Ag ullmhú don suirbhé

Tá gá ag an scoil roinnt ullmhúcháin a dhéanamh don suirbhé. Caithfear an t-eolas ábhartha a bhailiú agus, dá bhrí sin, tá fáil ar na ceisteanna suirbhé ar líne anois ar láithreán gréasáin an LNTO (NCGE) http://www.ncge.ie/school-guidance-compliance-return/ Tá treoir ann freisin chun an suirbhé a chomhlánú. Tá fáil freisin ar an LNTO chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar le linn na tréimhse ullmhúcháin.

Comhlánú an tsuirbhé

Tá an suirbhé ar fail ar láithreán gréasáin na Roinne. Cóipeáil agus greamaigh an nasc thíos i do bhrabhsálaí chun rochtain a fháil air. Tá comhairle shoiléir faoin tslí leis an suirbhé a chomhlánú sa 'nóta fáilte ar líne' ar leathanach gréasáin an tsuirbhé. Ní cóir go dtógfadh sé níos mó ná deich nóiméad an suirbhé a chomhlánú. Is é an spriocdháta do chomhlánú an cheistneora seo ná **26 Deireadh Fómhair 2017.**

1. Logáil isteach ar http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Surveys/School-Guidance-Compliance-Return.html
2. Bain úsáid as ainm úsáideora agus pasfhocal, mar atá anseo, nuair a bhíonn gá leo. Tá na focail cásíogair.

   Ainm Úsáideora:
   Pasfhocal:

3. Is é an spriocdháta do chomhlánú an cheistneora seo ná **26 Deireadh Fómhair 2017.**

Go raibh maith agat as am a ghlacadh chun an Tuairisceán Comhlíontachta um Threoir Scoile a chomhlánú. Ba chóir do scoileanna a dheimhniú go gcuirtear é ar ais, tríd an suirbhé ar líne, chuig an Roinn faoi 26 Deireadh Fómhair 2017.

_____

Eamonn Moran
Príomh Oifigeach